2026/1539

3.7.2026

CINNEADH (AE) 2026/1539 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Meitheamh 2026

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Comhaltaí na Comhairle Idirnáisiúnta um Ológa maidir leis an modh measúnaithe orgánaileipteach le haghaidh ola olóige íon

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 ('an Comhaontú') i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle ([1]).

(2) De bhun Airteagal 7(1), pointe (b) den Chomhaontú, tá Comhairle Comhaltaí na Comhairle Idirnáisiúnta um Ológa (CIO) ('Comhairle na gComhaltaí') in ann cinntí a dhéanamh agus moltaí a ghlacadh chun forálacha an Chomhaontaithe a chur i bhfeidhm.

(3) Tá Comhairle na gComhaltaí, le linn an 123ú seisiún dá cuid i mí an Mheithimh 2026, le dhá chinneadh a ghlacadh a bhaineann leis an modh measúnaithe orgánaileipteach le haghaidh ola olóige íon.

(4) Beidh éifeachtaí dlíthiúla ar an Aontas ag cinntí na Comhairle Idirnáisiúnta um Ológa, má ghlactar iad, a mhéid a bhaineann le trádáil idirnáisiúnta leis na comhaltaí eile den Chomhairle Idirnáisiúnta um Ológa agus beidh tionchar ag na cinntí sin ar ábhar dhlí an Aontais, is é sin rialacha maidir leis na seiceálacha comhréireachta le haghaidh ola olóige arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 90a de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(5) Saineolaithe eolaíocha agus teicniúla maidir le hola olóige, ar saineolaithe de chuid an Choimisiúin agus na mBallstát iad, phléigh siad na cinntí atá le glacadh go mion. Leis na cinntí sin rannchuideofar le comhchuibhiú idirnáisiúnta na gcaighdeán ola olóige agus bunófar leo creat lenar cheart iomaíocht chóir sa trádáil i dtáirgí in earnáil na hola olóige a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú le glacadh na gcinntí sin.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle na gComhaltaí a bhunú maidir leis an modh measúnaithe orgánaileipteach le haghaidh ola olóige íon.

(7) Má chuirtear glacadh na gcinntí sin ar athló ionas go ndéanfar malartú comhfhreagrais roimh an 124ú seisiún de Chomhairle na gComhaltaí, mar thoradh ar chuid de na Comhaltaí gan bheith in ann a bhformheas a thabhairt, ba cheart an seasamh a leagtar amach sa Chinneadh seo a ghlacadh thar ceann an Aontais trí chomhfhreagras a mhalartú.

(8) Mar sin féin, ba cheart ionadaithe an Aontais i gComhairle na gComhaltaí a bheith in ann oiriúnuithe teicniúla ar mhodhanna nó ar dhoiciméid eile de chuid na Comhairle Idirnáisiúnta um Ológa a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle más toradh iad na hoiriúnuithe teicniúla sin ar leasuithe a bhaineann leis na cinntí atá le glacadh a bhaineann leis an modh measúnaithe orgánaileipteach le haghaidh ola olóige íon.

(9) Chun leasanna an Aontais a chaomhnú, ba cheart cead a bheith ag ionadaithe an Aontais i gComhairle na gComhaltaí, áfach, a iarraidh glacadh na gcinntí sin a chur ar athló, dá mba dhócha go ndéanfar difear don seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le faisnéis eolaíoch nó faisnéis theicniúil nua a chuirfí i láthair roimh an 124ú seisiún de Chomhairle na gComhaltaí,

([1]) Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 139, 27.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/848/oj).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tacóidh an tAontas le glacadh an dá chinneadh seo a leanas maidir leis an modh measúnaithe orgánaileipteach le haghaidh ola olóige íon ag Comhairle Comhaltaí na Comhairle Idirnáisiúnta um Ológa ag an 123ú seisiún dá cuid i mí an Mheithimh 2026 nó le malartú comhfhreagrais a dhéanfar roimh an 124ú seisiún:

— Athbhreithniú 3 ar dhoiciméad COI/T.20/Doc. Uimh. 5 maidir le 'Gloine le haghaidh blaiseadh ola';

— Athbhreithniú 2 ar dhoiciméad COI/T.20/Doc. Uimh. 6 i ndáil leis an treoir maidir le seomra blaiste a shuiteáil.

Airteagal 2

Féadfaidh ionadaithe an Aontais i gComhairle Comhaltaí na Comhairle Idirnáisiúnta um Ológa teacht ar chomhaontú maidir le hoiriúnuithe teicniúla ar mhodhanna nó ar dhoiciméid eile de chuid na Comhairle Idirnáisiúnta um Ológa gan cinneadh eile ón gComhairle más toradh iad na hoiriúnuithe teicniúla sin ar na hathbhreithnithe ar an dá dhoiciméad dá dtagraítear in Airteagal 1.

Airteagal 3

I gcás inar dócha go ndéanfar difear don seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 le faisnéis eolaíoch nua nó faisnéis theicniúil nua a chuirfear i láthair roimh an 123ú cruinniú de Chomhairle Comhaltaí na Comhairle Idirnáisiúnta um Ológa, nó lena linn, iarrfaidh ionadaithe an Aontais i gComhairle Comhaltaí na Comhairle Idirnáisiúnta um Ológa glacadh na gcinntí dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur ar athló go dtí go mbunófar seasamh an Aontais ar bhonn na faisnéise nua sin.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 22 Meitheamh 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. PANAYIOTOU